

AMHRÁN A RÍSTI.

Shíl mé seal i mbliana go mbeadh iasg agam is airgead
'S go bpósfainn cailín deas eicínt a tigheacht dho aimsir cuir
'S ní mar sin fhéin atá mé ach mo stráic ar fud na mbailteacaibh
Chuile dhuine magadh fúm agus gan árach agam air.

Nuair a bhíons mo bheart ar lár agam bionn a lán eile tigheacht treasna romham
Geara mo chuid eangachaibh siar leis a sruth
Ach anois tigheacht ar lá fhéile Pádhraic beidh'n tád' ar a te leanfhas mé
'S ionnsughadh Cuan na Gaillimhe 'gus beidh páirt againn dhen dug.

17/2/35

Bhí bean i Roisín na mBan Iach - Peige Anna bean Shéamuis 'Ac Donnachadha, bhíodh sí
deanamh amharáin bheag lá bhí sí ar bhuailig rinne sí an tamharán seo.

'S dhá mbeinn se ar chaorthán Cárna no go hárd i mbarr a ghleanna
Dfeicinn mo mhíle stóirín trathnóna nó ar maidin
Ní áirighim an Poll Giúsaigh bhíodh ag iompar na bhfataí
Ó Mháimín na mbántracha go dtí mná breagh thóin a Ghleanna
'S nach fada shiubhail Whiskers 's ní fhaca sé mo shamhail
No go ndeachaidh sé don Áird siar ag mná bhreagh Sheán Pheadair.

Bhí triúr baitsiléaraí aici siad sin
"An Poll Giúsaigh"—a fear céile
"Whiskers"—fear eile
"Mo mhíle stóirín"—fear eile

24/2/35.